## Nuachtlitir na Míosa
## Mí: Samhain 2023

| | Imeacht / *Event* | Dáta | Ranganna / Múinteoirí |
|---|---|---|---|
| **Imeachtaí agus dátaí tábhachtacha /** *Events and important dates* | **Féach ar an nasc thall chuig an bhFéilire scoile ar son gach eolais eile/** *Please see the link for the school calendar for important dates* | Mí Dheireadh Fómhair | [Féilire / Calendar] |
| | **Leath lá scoile ar son cruinnithe tuistí/** *Half day due to parent / teacher meetings* | 23.11.22 | **Naí. @12:20** / *Infants @12:20* **R1 - R6 @12:30** / *R1 - R6 @12:30* |

**Meabhrúcháin/**

*Reminders*

- **Síniú an Pholasaí Cód Iompair nua** / *Signing of the New Code of Behaviour policy*

  **Mar is eol daoibh, tá polasaí Cód Iompair nua curtha le chéile le rialacha na scoile ar fáil ann. Bheimís buíoch daoibh ar fad é a léamh agus an cead ar líne atá seolta amach ag Fíona a shíniú. Tá síniú cúpla clann fós le fáil.**

  *As you are aware, a new Code of Behaviour policy and school rules has been written. We would appreciate it if you would read the policy and sign the permission slip sent by Fíona via Aladdin. We are still awaiting some families' acceptance of the new code.*

  **Tá rialacha dhá theangacha nua na scoile ar fáil ag an nasc thíos agus an polasaí**

  *The new Bilingual School Rules & the Code of Behaviour Polasaí are visible at the following links* RIALACHA NA SCOILE / SCHOOL RULES **&** **Cód Iompair**

- ***Éide Scoile*** / *School Uniform*

  **Ba chóir go mbeadh na héadaí scoile cearta, bróga dubha nó bróga reatha dubha ag gach páiste faoi an bointe seo. Ba chóir do pháistí an éide scoile iomlán a chaitheamh gach lá seachas ar an Aoine nó ar na laethanta corpoideachais atá roghnaithe ag na múinteoirí. Ba chóir go mbeadh cóta te nó cóta báistí ag gach páiste ag teacht ar scoil mar beimid ag dul amach seachas má tá sé thar a bheith fliuch. Níl aon bhríste gairid ceadaithe tar éis an bhriseadh Oíche Shamhna.**

  *Most pupils should have the full school uniform and black shoes or runners by now. Children should wear the full school uniform every day except for PE days and Fridays. All children should have a rain coat or warm coat coming to school as we will be going outside every day unless it is extremely wet. No shorts are permitted in school after the Halloween break.*

- **Cur i gcuimhne ó Allianz** / *A reminder fro Allianz*

  **Tá Allianz tar éis impí orainn mar chuid dár Measúnú Riosca a chur in iúl do thuistí agus pobal na scoile go gcaithfidh feitheoireacht chuí a bheith déanta ar pháistí fad atá siad ar láthair na scoile agus imithe ó chúram na múinteoirí. Ar bhonn árachais níl sé ceadaithe do pháistí a bheith san Astro, sna cúirteanna nó ar láthair na scoile @1:40 nó 2:40 gan múinteoirí ranga nó traenálaithe i láthair.**

  *Allianz, our insurers, have advised us, as part of our Risk Assessment, to regularly remind parents and the school community that children need to be supervised at all times when on school grounds and are no longer in the care of the teachers. For insurance purposes, children are not permitted on the Astro, the courts or on school grounds @ 1:40 or 2:40 unless they are being supervised by teachers or trainers.*

| | |
|---|---|
| | • **COSC IOMLÁN AR CHNÓNNA** / *NUT FREE ZONE - Oíche Shamhna*<br><br>**Ar bhonn sláinte agus sábháilteachta agus ar son roinnt pháistí le hailléirge cnónna, beidh GSMNC ar nós ZÓN SAOR Ó CHNÓNNA as seo amach. Le bhur dtoil tóg ceann de threoirlínte na múinteoirí ranga faoi seo.**<br><br>For health & safety reasons and to be mindful of children with severe nut allergies on the school grounds, **GSMNC** is now a **NUT-FREE ZONE**. Please take note of the teachers' individual class requests as some classes have epi-pens in the event that the children come into contact with nut-related products.<br><br>• **Deacracht le híocaíochtaí** / *Financial difficulties*<br><br>**Le bhur dtoil, má tá deacrachtaí agaibh ó thaobh billí scoile srl a íoc, tagaigí i dteangmháil le hÁine nó Róisin. Pléifear le gach cás go discréideach agus faoi rún.**<br><br>*Please make contact with Áine or Róisín if you are experiencing difficulties in paying school-related bills. Please know that all matters will be dealt with discreetly and confidentially.*<br><br>• **Páirceáil mórthimpeall na scoile** / *Parking around the school environs.*<br><br>**Impímíd oraibh smaoineamh ar ár gcomharsain ar fad mórthimpeall na scoile agus carrchlós na dtuistí a úsáid i dteannta leis na pointí scaoileadh síos chomh minic is gur féidir. Tá sé ríthábhachtach nach mbeidh aon bhac ar na bealaí éigeandála chuig an láthair nó na heastáit mórthimpeall orainn. Bheimís fíor bhuíoch as bhur gcomhoibriú.**<br><br>*We kindly ask you to be mindful of all our neighbours and to use the parents' car park and the drop-off points as much as possible. It is most important that the entrance and exit points to the site and the neighbouring estates remain free at all times to ensure emergency vehicles have access. Your co-operation in this matter is much appreciated.* |
| **Nótaí eile /** Other notes | • **Cruinnithe Tuismitheoirí / Múinteoirí** / *Parent-teacher meetings*<br><br>**Mar is eol daoibh tá an Sceidealóir ar son Cruinnithe Tuistí/ Múinteoirí oscailte ar Aladdin ó inniu. Beidh cruinniú 10 nóiméad ar fáil ar son gach linbh. Le bhur dtoil cuirigí cnag ar an doras nuair atá d'am ag druidim leat. Má tá tuilleadh ama uait bíodh sé ar eolas agat gur féidir leat coinne eile a dhéanamh leis an muinteoir ranga.**<br><br>*As you are aware the scheduler for the parent/ teacher meetings opened on Aladdin today. 10 minute slots are allotted to each child. Please knock on the door when your time is approaching. If you require more time please note that a further appointment can be arranged with the class teacher.*<br><br>• **Nod Sábhailteachta na Míosa ar Líne /** *Online Safety Tip of the Month*<br><br>**Nód Sábhailteachta na Míosa seo ná Míosúil sa nuachtlitir chun cabhrú le clainne tabhairt faoin bhfeachtas Sábháilteacht ar Líne.**<br><br>*This month's Online Safety Tip is to help families become more proactive and collaborative in their online practicess. Please go to the following link to find same.. Nódanna Sábháilteachta ar Líne / Online Safety Tips*<br><br>• **Míolta Gruaige** / *Headlice*<br><br>**Tá sé tagtha chun cinn go bhfuil roinnt mhaith cásanna de mhíolta gruaige tríd an scoil. Impím ar gach clann cinn a bpáistí a sheiceáil go rialta ar son miolta gruaige agus a gcuid uibheacha thar na laethanta saoire. Toisc gur fadhb leanúnach, dháiríre is costasach í seo, táimid ag brath ar ghach uile duine é seo a dhéanamh le cinntiú go n-éireoidh linn é bata is bóthar a thabhairt do na míolta. Tá sé molta insan Cód Iompar ó thaobh gruaige de ar bhonn sláinte go bhfuil gruaig fhada ceangailte siar an t-am ar fad ar scoil.** |

| | |
|---|---|
| **Nótaí eile** / Other notes | *It has come to light that there are quite a few cases of headlice throughout the school. I would appreciate if all families could check their child/ren's heads for headlice and eggs over the Halloween break to help curb the spread. As this is a recurring, intractable and expensive problem, it is essential that regular checks are done by every single family to enable us to eliminate the problem from our classes. It is advised in the Code of Behaviour for this reason that all children with long hair need to keep it tied up.*<br><br>• ***Pacáiste Gníomhaiochtaí Scoile*** / *School Activities Packages*<br><br>**Tá pacáiste de ghníomhaíochtaí éagsúla scoile ar son Rang a hAon go dtí rang a Sé curtha le chéile ag an scoil. Beidh R1 ag déanamh gníomhaíocht amháin, R2 ag déanamh 2 ghníomhaíocht agus R3 go dtí R5 ag déanamh 4 ghníomhaiocht, le costas bus don snámh san áireamh. Beidh R6 ag déanamh 3 ghníomhaíocht. Níl aon rud curtha san áireamh do Naíonaín Bheaga agus Mhóra go fóill mar tá deacrachtaí ag an gcomhlucht Spraoi & Aclaí oibritheoirí a aimsiú agus tá ár múinteoir rince gaelach amuigh ar shaoire máithreachais go dtí Mí Eanáir. Seans go mbeidh níos mó gníomhaíochtaí againn do NB - R2 san athbhliain. Tacaíonn an scoil le carthanachtaí áitiúla gach bliain. Tá síntiús de €2 á ghearradh ar pháistí chun gléasadh suas ar Oíche Shamhna agus €2 eile do Lá na nGeansaithe Nollag i mí na Nollag. I mbliana tabharfar an t-airgead go háitiúil dóibh siúd atá síos leis tar éis na dtuilte. Tá Fíona ag eagrú córas íocaíochta ar Aladdin agus tá fáilte romhaibh é seo a íoc i ngálaí suas go mí Feabhra 2024. Tuilleadh eolais le fáil ag an nasc thíos.**<br><br>*A variety of packages of activities have been organised for the children from 1st to 6th class. First class will partake in 1 activity for now. Second class will partake in 2 activities. 3rd to 5th class will partake in 4 different activities, which also includes the cost of a bus. 6th class will participate in 3 activities. So far we have been unable to organise anything for Junior and senior Infants as Fun Fitness are having staffing difficulties and our Irish dance teacher is on maternity leave until January. We hope to have more activities for Juniors to 2nd class in the new year. The school supports local charities each year. A €2 charitable donation to dress up for Halloween and €2 for Christmas Jumper day in December are included. This year we will contribute all the money to those affected by the local flooding. Fíona will organise a staggered payment plan via Aladdin and you are welcome to pay in instalments up until February 2024. Please see the following link for further information. 2023/24 Costas Gníomhaíochtaí Inscoile / In-school Activities Costs*<br><br>• **Feadóg Stáin le Mattie** / *Tin Whistle with Mattie*<br><br>**Tá áthas ar an scoil fáilte thar nais a chur ar Mattie an múinteoir ceoil. Beidh sé ag tosnú ranganna feadóg stáin le R2 agus R3 ó Déardaoin an 9ú lá. Dá bharr beidh ar R3 a bhfeadóg ó anuraidh a thabhairt ar scoil. Tá an scoil ag ceannach feadóg stáin ar chostas €6 ar son páistí i R2. Mhol Mattie go mbeadh fhuaim níos deise ós na portanna dá mbeadh an fheadóg stáin céanna ag gach páiste. Má tá ceann agaibh sa bhaile cheana féin agus gur mhaith libh é a úsáid le bhur dtoil cur é sin in iúl don mhúinteoir ranga.**<br><br>*We are delighted to welcome back our music teacher Mattie. He will be commencing tinwhistle classes with 2nd and 3rd classes on Thursday the 9th. Children from 3rd class should already have a tinwhistle from last year. The school will purchase tin whistles for 2nd class at a cost of €6 per child. This cost is included in the activities package. Mattie advised that each child having the same tinwhistles would produce a more melodic sound. If you already have a tin whistle at home and would prefer to use it please inform the class teacher.*<br><br>• **Seesaw / Aladdin / riomhphoist scoile** / *Seesaw / Aladdin/ School emails*<br><br>**Tá sé aitheanta ag an bhoireann scoile go bhfuil an t-iomad modhanna cumarsáide in úsáid againn. Chun cúrsaí a shoiléiriú, tá sé beartaithe ó seo amach go n-úsáidfear slí amháin chun teagmháil a dhéanamh le múinteoirí, sé sin r-phost an mhúinteora. Úsáidfear Aladdin chun teactaireachtaí ón gCeannaireacht Inscoile agus an oifig a chur in iúl. Úsáidfear Seesaw chun obair na bpáistí a roinnt agus chun teactaireachtaí ranga a sheoladh chuig tuistí. Tar éis Oíche Shamhna ní bheidh tuistí in ann teachtaireachtaí a sheoladh ar ais chuig múinteoirí ar SEESAW a thuilleadh. Cuirfidh gach múinteoir nóta amach ar Seesaw ar Luan an 6ú ag cur a rphost scoile in iúl daoibh.** |

| | |
|---|---|
| **Nótaí eile /** Other notes | *Following discussions with the whole staff, it has been recognised that we need to streamline our methods of communication. It has been decided that from November, school emails will be the only method of communication by parents with teachers. School Leadership and the office will communicate via Aladdin and classroom teachers will upload childrens' work and send class notes via Seesaw. Parents will no longer be able to contact the teachers via Seesaw after the Hallowen break. On Monday the 6th of November all teachers will send a message via Seesaw containing their school email addresses.*<br><br>**Le bhur dtoil tóg na póintí seo a leanas san áireamh má tá r-phost á sheoladh:**<br>- **Beidh múinteoirí ag freagairt rphost ó 8:30 - 9:00 agus ó 1:40/2:40 - 4:30.**<br>- **Ós rud é go bhfuil béim ar an múineadh, foghlaim agus pleanáil tá seans nach mbeidh freagra tugtha duit láithreach.**<br>- **Le bhur dtoil úsáid sceidilieoir d'aon ríomhphost seolta roimh 8.30 agus i ndiaidh 4.30 .**<br>- **Bígí cuirtéiseach agus proifisiúnta agus sibh i mbun cumarsáide.**<br><br>*Please be mindful of the following when sending an email:*<br>- *Teachers will only answer emails from 8:30 - 9:00 and from 1:40/2:40 - 4:30.*<br>- *As teaching, learning and planning take precedence, please note that you may not receive an immediate response to your email.*<br>- *Please use schedule send for all correspondence sent before 8.30 in the morning and after 4.30 in the afternoon..*<br>- *Please be courteous and professional in your correspondence at all times.*<br><br>● **Polasaí Cearta Múchadh ón Obair** */ Right to Disconnect*<br><br>**Tá polasaí nua Cearta Múchadh ón Obair mar atá leagtha amach ag an gCoimisiúin Oibre curtha le chéile ag an gCeannaireacht Inscoile agus beidh sé daingnithe ag an gcruinniú den Bhord Bainistíochta i tús mí na Samhna chun a chinntiú go bhfaigheann an fhoireann an deis briseadh ceart a fháil óna gcuid oibre.**<br><br>*A new Right to Disconnect policy, in line with recommendations from the Workplace Relations Commisoin has been drafted by the Inschool Leadership team and wil be ratified by the Bord of Management at the meeting in November to ensure that all school staff get an appropriate break from their work duties.*<br><br>● **Lá Ceiliúrtha** */ A Day of Celebration*<br>**Beidh lá ceiliúrtha sa scoil ar Mháirt, an 14ú lá de mhí na Samhna ar chúpla cúis éagsúil. Is oth linn a rá de bharr easpa spáis sa halla nach féidir ach cuireadh a sheoladh chuig an gCoiste Cairde nua agus beirt ionadaithe na dtuismitheoirí ó gach rang. Ní bheidh ach páistí ó R3-R6 i láthair ag an Aifreann. Seo na rudaí a leanas a bheidh á gceiliúradh:**<br>- **Monsignor Goold ag éirí as an mBord Bainistíochta - Aifreann á cheiliúradh aige agus ainmneofar an Leabharlann in ainm dó.**<br>- **Brat Gníomhach faighte i ndeireadh na scoilbliana 2022-23 agus á ardú ag an gCoiste Gníomhach i dteannta an Monsignor.**<br>- **Oscailt oifigiúil den Pháirc Astro agus á ainmniú i ndiaidh an iar phríomhoide Maireád Uí Fhloinn.**<br>- **Aitheantas agus oscailt oifigiúil de Mhúrmhaisiú Sue Gifford agus James Bohan bunaithe ar chaitheamh aimsire na bpáistí agus cultúr na scoile.**<br><br>*A day of celebration will be held in the school on Tuesday the 14th of November for a variety of reasons. Unfortunately, due to capacity issues, we can only accommodate children from 3rd to 6th class in the hall for the mass and only invite the current Cairde Committee and two parents reps from each class. The following are the reasons for our day of celebration.*<br>- *Monsignor Goold is retiring from the BOM - He will celebrate mass and the Library will be named after him.*<br>- *Active Schools' Flag awarded at the end of 2022/23 school year being raised. The Monsignor will do so with the Active School's committee.*<br>- *Official opening of the Astroturf pitch and it will be named after our previous principal, Mairéad Uí Fhloinn.* |

| | |
|---|---|
| | - *Recognition and official opening of the Mural created by Sue Gifford and James Bohan based on the children's pastimes and culture of the school.*<br><br>• **Síntiús Faoi Rún** */ Anonymous Donation*<br><br>**Tá sé tagtha chun cinn go bhfuil síntiús faoi rún faighte ag an scoil dóibh siúd gur chuir na tuilte isteach orthu. Le bhur dtoil tagaigí i dteangmháil le Fíona, le hÁine nó Róisin. Pléifear le gach cás go discréideach agus faoi rún. *Tá an Oifigeach Leasa Comhphobail áitiúil ar fáil chun tacú chomh maith agus ina theannta san tá teacht agaibh ar thacaíocht agus stór ag an nasc thíos.***<br><br>*An anonymous donation has been received by the school for those affected by the recent flooding. Please make contact with Fiona, Áine or Róisín if you would like to avail of same. Please know that all matters will be dealt with discreetly and confidentially. The local Community Welfare Officer (CWO) is also providing emergency assistance to everyone. These emergency payments are separate to the Humanitarian Assistance Scheme (HAS). The HAS is a means tested scheme to aid house repairs. Details and forms are available below - gov.ie - Humanitarian Assistance Scheme*<br><br>***An mhí seo táimid ag díriú isteach ar an luach CINEÁLTAS***<br><br>*- This month we are focusing on the value of **KINDNESS***<br><br>***Cairde le Chéile ag Foghlaim!***<br><br>*Áine agus foireann na scoile* |
| **Nuacht Cairde / News from Cairde** | • **Ár mbuíochas leis na daoine are fad atá sásta tabhairt faoi phostanna ar Choiste Cairde arís i mbliana. Ní obair fhuirist atá ann ach is obair fíor thábhachtach é ar son pobal na scoile.**<br><br>*A huge thanks to the following parents who have volunteered their services again this year for the following posts on the Cairde parents Committee. It is not easy work but it is most beneficial for the entire school community.*<br><br>***Cathaoirleach**/ Chair - Aisling Kangataran* — ***Leas Cathaoirleach** / Vice Chair: Arlene Cahill*<br>***Rúnaí** /Secretary: Caitriona Cody* — ***Leas Rúnaí** / Vice Secretary: Rachel Hanley*<br>***Cisteoir** / Treasurer: Orla O Keefe* — ***Leas Cisteoir** / Vice Treasurer: Grace Howe*<br>***Coordaitheoir Coistí** / Committee Co-Ordinator: Rachel Hanley*<br>***Oifigeach Poiblí** / PRO: Deirdre McArdle*<br><br>• **Beidh Memory Lane anseo ar scoil ar Satharn an 11ú Samhain ar son grianghraif clainne a thógaint bunaithe ar an Nollaig. Is feachtas bailiúcháin airgid é seo. Tuilleadh eolais le leanúint ó Cairde. /** *Memory Lane photography are in the school on Saturday the 11th of November to conduct a Christmas Parent and Child photography shoot as a Cairde fundraiser. Further details to follow via Cairde.*<br><br>• **Beidh díolachán dara láimhe de Gheansaithe Nollaig ar Samhain an 17ú lá. Geansaithe á mbailiú ón 10ú lá. /** *Second hand Christmas Jumper sale on the 17th of November. Collection of jumpers from the 10th.*<br><br>• **Cruinniú Cairde sa halla ar an 20.11.2023 @ 7:30 /** *Cairde meeting held in the halla on the* 20.11.2023 @ 7:30<br><br>**Míle buíochas le Cairde /** *Many thanks to Cairde*:<br>• **As ucht tae & caife a chur ar fáil do cheiliúradh an Mhonsignor Goold** */ For providing teas and coffees at the celebration to honour Monsignor Goolds retirement from the Bord of Management* |

| | |
|---|---|
| **Bord Bainistíochta /** Board of Management | <ul><li>**Tá tréimhse ceithre bliana an Bhord Bainistíochta sa scoil ag teacht chun deiridh ar an 30ú lá do mhí na Samhna. Beidh an BB nua i bhfeidhm ón 1ú Nollaig. Comhghairdeachais le Diane Harrington agus Iain Cooney atá ainmnithe mar mháthair agus athair ar an mBord Bainistíochta nua. Tá páistí ag Diane i R6, R4 agus NB agus tá páiste ag Iain i NM. Is í múinteoir Rebecca an múinteoir nua ainmnithe ar an mBord.**<br><br>*The four year term of the current Board of Management is coming to an end on the 30th of Novemeber. The new BOM will be in place by the 1st of December. Congratulations to Diane Harrington and Iain Cooney who are the parent nominees on the new Board of Management. Diane has children in 6th, 4th and Junior infants and Iain has a child in Senior infants. Múinteoir Rebecca is the new teachers nominee on the BOM.*</li><li>**Ba mhian leis an mBord Bainistíochta míle buíochas a ghábail leis an Monsignor Goold atá ag éirí as an mBord Bainistíochta mar duine ainmnithe an phatrúin. Tá an Monsignor ar an mBord ó 2008 agus tá ana-chuid comhairle agus ama tugtha aige don scoil. Leanfaidh sé ar aghaidh ina ról mar séiplíneach na scoile ag freastal ar R2 agus R6 go háirithe. Beidh ceiliúradh sa scoil ar Mháirt an 14ú Samhain in onóir an Mhonsignor. Tosóidh an ceiliúradh le aifreann agus beidh cúpla bronnadh srl ar siúl chomh maith.**<br><br>*The Board would like to sincerely thank Monsignor Goold for his service to the school. He has been the patron's nominee on the Board since 2008. He has given great advice and time to the school since his appointment. He will continue as the school chaplain spending significant time with 2nd and 6th classes. On Tuesday the 14th of November we will honour him with a celebration in the school and by naming the Library after him. The celebration will commence with a mass and a number of other presentations will follow.*</li></ul> |